Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9502/26**

**AG 78**
**INST 229**
**ENV 551**
**FORETS 83**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 8550 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN<br>an 19.5.2026<br>maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘An nádúr a athnascadh trí chonairí bithéagsúlachta Eorpacha a chruthú’ de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 8550 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 8550 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 19.5.2026
C(2026) 8550 final

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19.5.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An nádúr a athnascadh trí chonairí bithéagsúlachta Eorpacha a chruthú' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Iodáilise amháin atá barántúil)

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19.5.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An nádúr a athnascadh trí chonairí bithéagsúlachta Eorpacha a chruthú' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Iodáilise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[1], agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Aibreán 2026 rinneadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An nádúr a athnascadh trí chonairí bithéagsúlachta Eorpacha a chruthú' a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Is é is cuspóir an tionscnaimh mar a chuir na heagraithe in iúl é, a iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) chun 'an nádúr a athnascadh san Eoraip trí chreat comhordúcháin le haghaidh nascacht éiceolaíoch idir éiceachórais uisce intíre agus talún.' agus 'ilroinnt éiceachóras a shárú agus tacú leis an mbithéagsúlacht agus leis an athléimneacht'. De réir na n-eagraithe, ba cheart an creat rialála an méid seo a leanas a dhéanamh: 'uirlisí coiteanna a chur chun cinn: critéir theicniúla, monatóireacht chomhtháite, agus comhroinnt sonraí chun conairí éiceolaíocha a mhapáil'; 'comhordú trasteorann a chinntiú: comhar a éascú idir na Ballstáit le haghaidh nascachta ar fud na mór-roinne'; agus 'Natura 2000 a neartú: comhleanúnachas a threisiú idir láithreáin agus limistéir eile faoi chosaint chun leithlisiú gnáthóg agus speiceas a chosc'.

(3) Measann an Coimisiún go bhféadfadh sé togra a ghlacadh bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh le haghaidh treoir chun an nádúr a athnascadh san Eoraip trí chreat comhordúcháin le haghaidh nascacht éiceolaíoch idir éiceachórais uisce intíre agus talún agus chun ilroinnt éiceachóras a shárú, rud a thacódh leis an mbithéagsúlacht agus leis an athléimneacht.

(4) Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj

(5) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(6) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(7) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'An nádúr a athnascadh trí chonairí bithéagsúlachta Eorpacha a chruthú' a chlárú.

(9) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is iad an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus iadsan amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'An nádúr a athnascadh trí chonairí bithéagsúlachta Eorpacha a chruthú'.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo dírithe chuig an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An nádúr a athnascadh trí chonairí bithéagsúlachta Eorpacha a chruthú', grúpa a bhfuil Pier Giovanni CAPELLINO agus Claudine AYALA COBO ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 19.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Maroš ŠEFČOVIČ*
*Comhalta den Choimisiún*